

# Stair na Sraithe Sóisearaí

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe

An Chéad Eagrán



# An Clár Ábhar

<b>Réamhrá</b>	<b>4</b>
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	4
An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh	5
Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe	6
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích	7
Cleachtais mheasúnaithe ionchuimsitheacha	8
Measúnuithe Rangbhunaithe i Stair	8
Tasc Measúnaithe	9
Nádúr na staire a fhiosrú	9
Measúnú Rangbhunaithe 1: An t-am atá Thart i m'Áit	10
Na chéad chéimeanna eile: An t-am atá Thart i m'Áit	20
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	20
Measúnú Rangbhunaithe 2: Saol i dTréimhse Ama	22
Na chéad chéimeanna eile: Saol i dTréimhse Ama	30
An Tasc Measúnaithe	30
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	30
Aguisín A: Nóta Machnaimh an Scoláire	33
Aguisín B: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	34
Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Treoir an Éascaitheora	38

# An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Stair na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe*,

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh Stair na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích
- sonraí faoin Tasc Measúnaithe i Stair agus faoin gcaoi a dtacaíonn an scoil lena chur i gcrích.

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid leis an tsonraíocht churaclaim do Stair na Sraithe Sóisearaí agus leis na *hUirlisí don Mheasúnú* don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair agus faoi ghnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirlínte seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ar <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/history/>. Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

## Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis an tasc sonrath nó na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar do Stair, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear

torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe ann: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an

tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte d'obair scoláirí a fhoilsítear ar *curaclam ar líne* le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán obair an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeán agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an dá Mheasúnú Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear féidearthachtaí éagsúla i láthair maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tabhairt faoin taighde agus é a chur i láthair le haghaidh an mheasúnaithe chun deis a thabhairt don scoláire tabhairt faoi na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus a spreagann é. I gcás an dá Mheasúnú Rangbhunaithe, spreagtar an scoláire le húsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na dtopaicí do na measúnuithe a shocrú go neamhspleách.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht* agus *Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* ó CNCM don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích
- cloí leis na socruithe a bhaineann leis na Tascanna Measúnaithe a chuirtear i gcrích a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh go mbeadh an méid seo a leanas i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair an scoláire a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na mheasúnuithe a éascú
- tacaíocht a chur ar fáil don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) aige

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheasúnú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Déanann an scoil éascaíocht ar chleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht na dteicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

## Measúnuithe Rangbhunaithe i Stair

Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Stair. Déantar iad a mheas ar Leibhéal Comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse ama sonraithe le linn am teagmhála ranga de réir amchláir náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) san fhéilire scoile. Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh an scoláire Tasc Measúnaithe i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú stáit sa Stair. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh na Staire i dTábla 1 thíos.

Measúnuithe Rangbhunaithe	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire	Curtha i gcrích
An t-am atá thart i m'áit	Taispeántas  Grúpa, beirt nó ar bhonn aonair	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir	I dtreo dheireadh an dara bliain
Saol i dTréimhse Ama	Taifead scríofa  Ar bhonn aonair	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir	An dara téarma sa tríú bliain

**Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Staire**

D'fhéadfadh an scoláire tosú ag cuimhneamh ar ábhar féideartha do na Measúnuithe Rangbhunaithe go gairid roimh an tréimhse trí seachtaine ina dtugtar faoin obair ar na measúnuithe.



## Tasc Measúnaithe

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn am ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit sa Stair. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis an bhfoghlaim a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe uirthi. I gcás na Staire sin é *Saol i dTréimhse Ama*. Tugtar breac-chuntas ar shonraí an Tasc Measúnaithe i dTábla 2 thíos, agus tá tuilleadh eolais ar leathanach xx de na treoirlínte seo:

	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire	Curtha i gcrích
<b>An Tasc Measúnaithe</b>	Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil	Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe le <i>Saol i dTréimhse Ama</i> (Measúnú Rangbhunaithe 2)	Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích sa Tríú Bliain

**Tábla 2: Tasc Measúnaithe le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2, Saol i dTréimhse Ama**

## Nádúr na staire a fhiosrú

Leagtar béim i sonraíocht stair na sraithe sóisearaí ar a thábhachtaí is atá ‘Snáithe 1: Nádúr na Staire’:

*Is snáithe foirmitheach é snáithe 1, ina bhfiosraíonn an scoláire na coincheapa, ina n-úsáideann an scoláire scileanna agus ina ndéanann an scoláire fiosrú ar na luachanna agus na cuir chuige a threoraíonn disciplín na staire agus obair an staraí. Cuideoidh Snáithe a hAon leis an scoláire ‘mórphictiúr’ a fháil den am atá thart agus tuiscint ar an tábhacht atá le fianaise a fheabhsóidh a chomhfhiosacht faoin stair... Is snáithe aontach é Snáithe 1 freisin, áit a mbainfear amach na torthaí foghlama trí bheith ag gabháil don chomhthéacs atá tugtha i Snáitheanna 2 agus 3 maidir le pearsantachtaí, saincheisteanna agus eachtraí.*

Agus an scoláire ag dul i ngleic leis an dá mheasúnú rangbhunaithe sa stair, beidh deiseanna aige a thuiscint ar nádúr na staire a dhoimhniú, agus é ag obair le fianaise, ag forbairt a chomhfhiosachta faoin stair agus ag deimhniú a thuisceana ar an ‘mórphictiúr’. Tríd sin, leathnóidh sé tuilleadh a thuiscint ar chuid de ghné(ithe) stair na hÉireann, na hEorpa nó an domhain mhór.

### Suntasacht stairiúil a mheas

Gné lárnach d’obair an staraí is ea an cumas suntasacht stairiúil imeachtaí, saincheisteanna agus daoine san am atá thart a mheasúnú. Cé go bhféadfadh staraithe easaontú faoi shuntasacht

imeachtaí nó daoine faoi leith san am atá thart, agus go bhféadfadh fianaise nua a thagann chun solais dearcthaí staraithe a athrú, is cuid lárnach d'obair an staraí an tsuntasacht a mheas. Tugann an dá Mheasúnú Rangbhunaithe sa stair deis don scoláire smaoineamh faoi shuntasacht stairiúil, mar shampla, trína ábhar roghnaithe a chosaint, an fhianaise a shocraigh sé a chur ina thaispeántas agus taifead, agus a léirmhíniú ar an bhfianaise sin. Chomh maith leis sin, is bealach áisiúil chun scileanna smaointeoireachta criticiúla an scoláire sa stair a fheabhsú é smaoineamh faoi shuntasacht stairiúil agus í a phlé.

Moltar go leor creata éagsúla chun suntasacht stairiúil a mheas nuair atá ábhar á roghnú le haghaidh taighde nó fiosrú breise. Agus aghaidh á thabhairt ar na Measúinthe Rangbhunaithe, (agus go deimhin sa smaointeoireacht ghinearálta ó thús deireadh na hoibre ar na torthaí foghlama ar fad), d'fhéadfadh na critéir seo a leanas cabhrú leis an múinteoir agus an scoláire a chinneadh an bhfuil téama nó ábhar suntasach. Ach ní gá don scoláire na critéir seo a úsáid, ná ní gá d'ábhar na critéir ar fad (nó ceann ar bith fiú) a thaispeáint le bheith suntasach.

#### **Critéir chun smaoineamh faoi shuntasacht stairiúil**

- Suntasach (tugadh suntas don imeacht/fhorbairt ag an am agus/nó ó shin)
- Coinnithe i gcuimhne (bhí an t-imeacht/an fhorbairt tábhachtach ag am éigin sa stair i gcuimhne na ndaoine)
- Allabhrach (is maith le daoine rudaí a chur i gcomparáid leis; is féidir nascadh le taithí, creideamh nó cás faoi leith thar am agus spás)
- D'éascair athrú as (bhí iarmhairtí aige don todhchaí)
- Léargas (ar ghné éigin eile den am atá thart)

(Bunaithe ar na *Five 'R's* le Christine Counsell. 2004. 'Looking through a Josephine Butler-shaped window: focusing pupils' thinking on historical significance' in *Teaching History* 114. Londain: The Historical Association.)

## **Measúnú Rangbhunaithe 1: *An t-am atá thart i m'áit***

Cuireann *An t-Am atá Thart i m'Áit* ar chumas an scoláire taithí a fháil ar an stair ar leibhéal pearsanta ach staidéar a dhéanamh ar shaincheist, imeacht, téama nó duine a bhaineann lena cheantar féin. Tugann staidéar ar an stair áitiúil deis don scoláire an chaoi a bhfuil na fórsaí athraithe a chonaic sé san fhiosrú a rinne sé ar an am atá thart sa seomra ranga ábhartha freisin don chaoi ar athraigh a thimpeallacht áitiúil. Tacaíonn sé le léirtheiscint an scoláire dá oidhreacht agus lena fheasacht ar a oidhreacht chultúrtha. Cuireann sé ar a chumas a thuiscint choincheapúil agus chomhthéacsúil atá ag fás ar an stair a chur i bhfeidhm ina shuíomh áitiúil féin.

Chun críche an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, is féidir an téarma ‘m’áit’ a léirmhíniú go leathan, ionas nach gcuirtear cosc ar an scoláire taighde a dhéanamh ar réimse a bhfuil fíorspéis aige ann. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh go mbainfeadh an stair áitiúil le háit dúchais (paróiste, baile/sráidbhaile áitiúil) an scoláire, a chontae, a chúige nó a réigiún. Má chuireann scoláire as tír eile (nó más de bhunadh tíre eile iad a mhuintir) in iúl go bhfuil spéis aige i ngné de stair na háite as a dtagann sé féin nó a mhuintir a fhiosrú, tá sé sin go hiomlán ceadaithe freisin agus d’fhéadfadh go gcuirfeadh sé le léirtheiscint agus tuiscint níos fearr ar dhifriocht agus éagsúlacht sa rang agus sa tsochaí a spreagadh.

Má theastaíonn ó scoláire taighde a dhéanamh ar ghné dá stair mhuintire féin, féadfaidh sé é sin a dhéanamh. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar

Ich 21 de Shonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí, ina luaitear go mbaineann staidéar ar an stair le “stair phearsanta/mhuintire, nuair is gá”. Féadfaidh an múinteoir treoir a thabhairt má tá na hábhair a mholtar conspóideach, achrannach nó íogair agus féadfaidh sé oiriúnacht ábhair dá leithéid a phlé leis an scoláire sula gcuirtear tús leis an taighde beartaithe.

Cuirfidh an scoláire a chuid taighde i láthair i bhfoirm **taispeántais**, mar a d’fheicfí in iarsmalann, ionad oidhreachtá nó leabharlann. Ach níor chóir don scoláire eolas a chur i láthair agus sin amháin. Ina ionad sin, spreagtar é leis an bhfianaise óna chuid taighde a úsáid chun an t-am atá thart a léirmhíniú agus a thuiscint ar nádúr na staire a thaispeáint.

Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo ina aonar, le scoláire eile nó i ngrúpa. Nuair a oibríonn scoláirí i gcomhar lena chéile, ba chóir do gach scoláire páirt a ghlacadh sa phróiseas taighde agus i gcruthú an taispeántais. Moltar go socrófaí líon na scoláirí i ngrúpa chun go mbeidh gach duine sa ghrúpa in ann cur go stuama leis an obair. Cuirfidh gach scoláire nóta machnaimh i gcrích.

### **Na Torthaí Foghlama ar a bhfuil Measúnú Rangbhunaithe 1 bunaithe: Tá An t-Am atá Thart i m’Áit bunaithe**

De bharr nádúr na staire, ní bhíonn sé éasca téamaí ná topaicí a chur i gcatagóirí nó a rangú mar chineál áirithe réimse staidéir toisc go mbíonn ceangal ag an oiread sin comhthéacsanna lena chéile. Mar shampla, nuair atá staidéar á dhéanamh ar an Reifirméisean, tá téamaí ar nós reiligiúin, polaitíochta, féiniúlachta, cumhachta, eacnamaíochta agus aicmí sóisialta ar fad i gceist. Dá bhrí sin, tugtar chun suntais agus ábhar á roghnú don taighde sna Measúnuithe Rangbhunaithe go bhféadfaí roinnt torthaí foghlama a bhaineann le stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhór a tharraingt anuas agus go bhféadfaí foghlaim an scoláire sna réimsí sin a threisiú agus tacú léi i rith na hoibre ar na Measúnuithe Rangbhunaithe. Ach toisc go bhfuil sé tábhachtach go sealbhódh an scoláire tuiscint mheiteachognaíoch nó dhisciplíneach ar an stair a chuireann ar a chumas ciall a bhaint as na comhthéacsanna a fheiceann sé, meastar go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis na trí ghné agus na torthaí foghlama lena mbaineann i snáithe 1: Nádúr na Staire sna Measúnuithe Rangbhunaithe.


Beidh na torthaí foghlama ar a ndéantar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an ábhar a roghnófar. Cúpla ceann a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe:

2.11 Naisc a dhéanamh idir stair áitiúil, phearsanta, nó mhuintire agus/nó pearsana, saincheisteanna agus eachtraí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta níos leithne (ó Snáithe 2, Stair na hÉireann)	
<b>Snáithe 1</b>	<b>Nádúr na Staire</b>
<b>Gné</b>	<b>Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt</b>
1.1	Ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair
1.2	Machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha
1.3	Suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla
1.4	Tuiscint a léiriú ar choincheapa stairiúla ar nós <i>foinse agus fianaise; fíoras agus tuairimíocht; claontacht agus oibiachtúlacht; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; am agus spás</i>
<b>Gné</b>	<b>Obair le fianaise</b>
1.5	Fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn
1.6	Tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlaigh; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil
1.7	Breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil
1.8	Iniúchadh a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó eile
<b>Gné</b>	<b>'An mórfhictiúr' a fháil</b>
1.9	Tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú
1.10	Tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe.
1.11	Naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *An t-am atá thart i m'áit*

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé leis an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích.

*Fíor 1: An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh*



Is faoin scoláire atá sé téama a roghnú dá thaighde a bhaineann le stair a áite, de réir na treorach a leagtar síos sna treoirlínte seo agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Is é an réasúnaíocht leis sin gur féidir leis an scoláire taighde a dhéanamh ar ábhar a bhfuil sé fiosrach faoi i ndáiríre agus a spreagfaidh é chun freagairt bharántúil agus phearsanta a chruthú.

### **Téamaí nó ábhair a d'fhéadfaí a roghnú don**

#### **taighde ar staidéar Áitiúil**

I gcomhar leis an múinteoir, tá neamhspleáchas ag an scoláire chun ábhar taighde a roghnú le haghaidh *An t-Am atá Thart i m'Áit*

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach atá sna hábhair fhéideartha thíos, ach léiriú ar an gcaoi a bhfuil éagsúlacht agus réimse mór roghanna ann maidir leis an taighde a roghnódh scoláire:

- an méid a chuir duine áitiúil le gné den saol sa cheantar, nó le heachtra nó imeacht nó gluaiseacht faoi leith sa cheantar nó níos faide ó bhaile
- léiriú áitiúil ar ghluaiseacht nó ar fheiniméan náisiúnta nó idirnáisiúnta
- eachtra stairiúil áitiúil ar eascair athrú tábhachtach aisti
- staidéar ar ghné den saol sa cheantar ag am faoi leith san am atá thart
- suirbhé ar an gcaoi ar athraigh an saol le himeacht aimsire sa cheantar
- staidéar ar áit áitiúil atá spéisiúil ó thaobh na staire de, m.sh. séipéal, scoil, monarcha, teach oibre, ionad oibre, teach mór, cloigtheach, mainistir, srl.
- staidéar ar shéadchomhartha, dealbh, leac chuimhneacháin nó suíomh eile dá leithéid atá spéisiúil ó thaobh na staire de
- staidéar ar bhunús stairiúil logainmneacha áitiúla

- staidéar a spreag déantúsán áitiúil atá spéisiúil ó thaobh na staire de nó fionnachtain seandálaíochta nó suíomh spéisiúil sa cheantar
- tionchar imeachta nó saincheiste náisiúnta nó idirnáisiúnta ar an gceantar


### Stair phearsanta/mhuintire

- iniúchadh ar dhuine mhuintire atá suntasach ó thaobh na staire de ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta
- staidéar ginealaigh

### Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- Smaoineamh taighde a roghnú i gcomhar leis an múinteoir agus comhscoláirí agus oibriú leis féin, le comhscoláire eile nó i ngrúpa
- Cur chuige i leith an taighde a mheas, lena n-áirítear príomhcheisteanna taighde a shainithint, foinsí féideartha fianaise/eolais a shainithint; agus an áit a mbeadh an fhianaise sin a shainithint
- A thorthaí taighde a chur i láthair sa leagan amach taispeántais, ag roghnú go cúramach cé na míreanna taighde agus modhanna cuir i láthair a úsáidfear
- Machnamh ar an bpróiseas a rinneadh agus ar a chonclúidí faoin ábhar agus cuid den mhachnamh a chur sa taispeántas deiridh.

### Ullmhúchán: *An t-am atá thart i m'áit*



### Ullmhúchán an scoláire

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir sa stair (Nádúr na Staire, Stair na hÉireann agus Stair na hEorpa agus an Domhan Mór) sula dtugann sé faoin gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe, *An t-am atá thart i m'áit*. Ba chóir go mbeadh an deis aige roimhe sin cuid de na luachanna, dearcthaí agus meonta a fhorbairt a chuireann bonn eolais faoi go leor de na torthaí foghlama i snáithe 1, Nádúr na Staire, a bhfuil baint faoi leith ag an Measúnú Rangbhunaithe seo leis. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama sna trí shnáithe, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba cheart go mbeadh deiseanna rialta ag an scoláire chun scileanna a fhorbairt agus

a thaispeáint a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi An t-Am atá Thart i m'Áit. Nuair a thagann an deis chun cinn, ba chóir an scoláire a spreagadh le naisc a dhéanamh idir a chomhthéacs áitiúil agus comhthéacsanna náisiúnta nó idirnáisiúnta a thagann chun cinn sa rang. Rachaidh taithí dá leithéid chun tairbhe dó agus é ag dul i ngleic le *An t-am atá thart i m'áit* ag leibhéal atá oiriúnach dá aois agus dá chéim foghlama.


Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire freisin meastóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus foghlaim ó am go chéile i rith a chuid oibre, mar shampla, trí nótaí pearsanta, irisí machnaimh nó plé ranga lena chomhscoláirí agus an mhúinteoir. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

### Ullmhúchán an mhúinteora

Ba chóir don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1, eolas a chur orthu seo a leanas:

- Sonraíocht Stair na Sraithe Sóisearaí
- Stair na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí.

### An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích *An t-am atá thart i m'áit*



Cuirfear *An t-Am atá Thart i m'Áit* i gcrích in imeacht trí seachtaine. Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint. Leagtar amach na ceithre chéim sin i bhFíor 2:



Fíor 2: Próiseas an scoláire chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1: An t-am atá thart i m'áit

### 1. **Iniúchadh**

Nuair a chuirtear tús leis an obair, ba chóir don scoláire machnamh a dhéanamh ar cén ghné den am atá thart ina áit féin a spreagann fiosracht ann. Ba chóir dó smaointe féideartha a phlé lena chomhscoláirí, an múinteoir agus, má tá sé ag obair mar chuid de bheirt/i ngrúpa, leis na scoláirí eile. Ba chóir go gcruthódh an tionscadal deis freisin don scoláire labhairt le daoine muinteartha nó muintir na háite atá níos sine agus a bhféadfadh a dtaithe ar an saol nó cuimhní ar an am atá thart sa phobal smaointe a chruthú don staidéar. Is foinsí luachmhara eolais iad daoine níos sine, leabharlanna áitiúla agus staraithe áitiúla, a thugann fianaise shaibhir ó bhéal ar an am atá thart. I ndiaidh téama nó ábhar a roghnú, tosódh an scoláire ag ceapadh ceisteanna fiosrúcháin a stiúrfaidh a iniúchadh ar an am atá thart agus a chabhróidh le struchtúr a chruthú dá shaothar.

Má táthar ag obair mar chuid de bheirt/ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an obair Tá sé tábhachtach go ndéanann gach scoláire páirteach sa ghrúpa nóta beacht dá pháirt féin sa phróiseas agus den mhéid a chuireann sé le hobair an ghrúpa. Cuirfidh an scoláire an méid a chuir sé féin leis an obair sa taispeántas (feic thíos) agus i nóta machnaimh an scoláire.

### 2. **Aimsiú**

Nuair a thosaítear ar an gcéim aimsithe den obair, sainithneoidh an scoláire freagraí ar na ceisteanna a cuireadh sa chéim iniúchta. Ach tabhairt faoin bpróiseas aimsithe, d'fhéadfaí modheolaíochtaí éagsúla a úsáid, ar nós, mar shampla:

- Cineálacha difriúla foinsí a scrúdú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don ábhar, ar nós grianghraf, litreacha, páipéir phearsanta
- Taifid chartlainne ábhartha a scrúdú, m.sh. taifid daonáirimh, taifid bhreithe/bhaiste
- Cuairt ar ionad oidhreachta/iarsmalann/leabharlann nó stór eolais eile ina cheantar áitiúil
- Cuairt ar shuíomh ábhartha má bhaineann an t-ábhar leis, m.sh. foirgneamh, suíomh imeachta, leac chuimhneacháin, srl.
- Leabhair staire/irisí/tréimhseacháin/nuachtáin áitiúla, nó foilseacháin eile dá leithéid



- Dul i gcomhairle le leabhair ghinearálta staire chun níos mó a fhoghlaim faoi chomhthéacs náisiúnta nó idirnáisiúnta níos leithne an ábhair, más cuí
- Cuairt a thabhairt ar shuíomhanna gréasáin ábhartha nó ar fhoinsí eolais leictreonacha eile
- Staráí áitiúil nó duine eile ag a bhfuil eolas nó taithí ar an ábhar staidéir a chur faoi agallamh
- Duine áitiúil ag a bhfuil cuimhní ar ghnéithe den am atá thart sa cheantar a chur faoi agallamh.

### 3. *Taispeántas*

Cuirfidh an scoláire a thorthaí i láthair i bhfoirm **taispeántais**. D'fhéadfadh leagan amach an taispeántais meascán de bhealaí cuir i láthair a úsáid, mar shampla, téacs, sleachta as foinsí príomha agus/nó tánaisteacha, fillteán nó leabhrán taispeántais, leagan(acha) amach digiteach(a), grianghraif, íomhánna, amlínte, cairteacha, graif, taifid fuaime nó chlosamhairc, samhail/samhlacha, déantúsá(i)n, srl.

Moltar go meafadh an scoláire go cúramach an chúis a bhfuil bealach áirithe cuir i láthair in úsáid agus bealaí a roghnú a thacóidh leis a thaighde agus a thuiscint ar nádúr na staire a thaispeánt. Féadfaidh an scoláire a thaispeántas a chur i láthair ar bhealach amháin (m.sh. taifid fuaime) fad is go bhfuil réimse foinsí ann agus go ndéantar léirmhíniú agus machnamh ar an taighde ann.

Nuair atá an scoláire ag obair i mbeirt/i ngrúpa, ba chóir dó a chur in iúl (le siombail nó a inisealacha mar shampla) cén chuid den taispeántas ar oibrigh sé air, ionas gur féidir leis an múinteoir an méid a chuir sé leis an taispeántas a mheasúnú. Má tá an scoláire ag obair mar chuid de bheirt/ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar a ról féin agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an taispeántas.

### 4. *Machnamh*


Tá an próiseas machnaimh lárnach san obair ar *An t-Am atá Thart i m'Áit* ionas gur féidir leis an scoláire smaoineamh faoin bhfoghlaim a tharla, idir an t-ábhar féin agus an próiseas a roghnaíodh. Moltar go dtaifeadfadh an scoláire a thuairimí nó smaointe faoin bpróiseas agus faoin bhfoghlaim agus é ag dul i ngleic leis an ábhar thar imeacht na dtrí seachtaine. Ba chóir go mbeadh machnamh an scoláire ar an taithí a fuair sé ar thabhairt faoin taighde agus na deiseanna agus dúshláin a bhí aige mar staraí le feiceáil i dtaispeántas an scoláire.

Cuirfidh gach scoláire nóta machnaimh i gcrích. Is ionann nóta an scoláire a líonadh isteach agus dearbhú an scoláire faoin ról a bhí aige sa mheasúnú. Cuirtear an nóta faoi bhráid an mhúinteora. Taifeadfaidh an scoláire an méid a chuir sé féin go pearsanta leis an obair chun cabhrú leis an múinteoir an méid a chuir gach scoláire leis an taispeántas a shainaithint nuair a bhí scoláirí ag obair i mbeirt nó i ngrúpa. Tá nóta machnaimh mar aguisín leis na treoirlínte seo.

## Cur leis an taifead staire

Tugann an Measúnú Rangbhunaithe seo deis don scoláire cur leis an taifead staire. I ndiaidh an chruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, féadfaidh an scoláire, más mian leis, a thaispeántas a thabhairt do leabharlann nó iarsmalann áitiúil, go buan nó ar iasacht, nó é a chur i láthair grúpa nó cumann áitiúil staire. Féadfaidh an scoláire a thaispeántas a bhronnadh ar an scoil freisin.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: *An t-am atá thart i m'áit*




## Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair *An t-Am atá Thart i m'Áit*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta thíos na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire. Ceapadh na Gnéithe Cáilíochta agus tagairt iontu do na torthaí foghlama ar a bhfuil *An t-Am atá Thart i m'Áit* bunaithe agus díritear go háirithe ar shnáithe 1 Nádúr na Staire.

**Na Gnéithe Cáilíochta: Stair - An t-ama atá thart i m'áit**

<p><b>Thar barr ar fad</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga.</p> <p>Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha agus tá cuspóir an-soiléir le feiceáil ann</p> <p>Taispeántar tuiscint eisceachtúil sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh</p> <p>Tá an taispeántas an-mhaith ag nascadh gné áitiúil le ‘mórphictiúr’ an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta.</p>
<p><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire láidir agus tá cuspóir soiléir le feiceáil ann</p> <p>Taispeántar tuiscint an-mhaith sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh</p> <p>Tá nasc soiléir sa taispeántas idir gné áitiúil le ‘mórphictiúr’ an ama atá thart ar bhealach an-spéisiúil.</p>
<p><b>Ag teacht leis na hionchais</b></p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire éigin agus tá cuspóir le feiceáil ann, cé nach bhfuil an cuspóir sin soiléir i gcónaí</p> <p>Taispeántar tuiscint éigin sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh</p> <p>Tá roinnt nasc sa taispeántas idir gné áitiúil agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart.</p>
<p><b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b></p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taispeántas, má léirítear ar chor ar bith é, agus níl cuspóir le feiceáil ann</p> <p>Is beag tuiscint a thaispeántar sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh, má thaispeántar ar chor ar bith é</p> <p>Is beag nasc atá sa taispeántas idir gné áitiúil agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart, más ann dó ar chor ar bith.</p>

## Na chéad chéimeanna eile: *An t-am atá thart i m'áit*



### **Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Coinneoidh gach scoil nó gach roinn aonair atá ag plé leis an ábhar sampla beag ón obair a chuirtear isteach chun tacú le próiseas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar le haghaidh *An t-Am atá Thart i m'Áit* a úsáidfídh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir staire amháin, mura bhfuil ach múinteoir staire amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socrúithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Coinneoidh an múinteoir samplaí arís den saothar le haghaidh *An t-Am atá Thart i m'Áit* a úsáidfídh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcrúinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus ar líne ar <https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/cruinnithe-afma/>.

## **Aiseolas a úsáid**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh *An t-Am atá Thart i m'Áit* a úsáid le tacú le foghlaim na staire. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ar <https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/diriu-ar-an-bhfoghlaim/>

## **Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na tuairisceoirí a bhronntar ar *An t-am atá thart i m'áit*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: *Saol i dTréimhse Ama*

Tá staidéar ar an stair bunaithe ar dhiancheistiú fianaise a bhaineann le saol daoine san am atá thart. Dá bhrí sin, díreann ar an staid dhaonna a fhiosrú agus féachtar le tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhartha an chine dhaonna tríd an spreagadh a bhí leis na gníomhartha sin a scrúdú. Gné mhór den fhiosrú stairiúil is ea an bheathaisnéis, ina ndéantar measúnú cuimsitheach ar dhaoine suntasacha ón am atá thart, agus ina bhfiosraítear agus ina bpléitear fianaise lena mbaineann.

Sa chomhthéacs sin, tugann *Saol i dTréimhse Ama* deis don scoláire taighde a dhéanamh ar dhuine ón am atá thart a bhfuil spéis aige ann agus measúnú stairiúil a scríobh faoin duine sin, nó faoi ghné de shaol nó de ghairm bheatha an duine sin. Is é an réasúnaíocht leis sin gur féidir leis an scoláire taighde a dhéanamh ar ábhar a bhfuil sé fiosrach faoi i ndáiríre agus a spreagfaidh é chun freagairt bharántúil agus phearsanta a chruthú agus é ag doimhniú a thuisceana ar an am atá thart.

Chun críche an mheasúnaithe rangbhunaithe seo, mar a tharla i Measúnú Rangbhunaithe 1, tá neamhspleáchas ag an scoláire chun ábhar staidéir a roghnú. Níl aon pharaiméadair dhátaí i bhfeidhm ná srianta maidir le háit, am ná réimse an díchill dhaonna lena mbaineann an t-ábhar roghnaithe. Tugann sé sin deis don scoláire taighde a dhéanamh ar dhuine a bhfuil fíorspéis staire aige ann. Is féidir oiriúnacht an ábhair a roghnaítear a thomhas i dtéarmaí shuntasacht an duine dár dtuiscint staire, nó sa chaoi a ndeachaigh gníomhartha nó smaointe an duine i bhfeidhm ar ghné éigin den domhan a d'athraigh. Ba chóir an t-ábhar a roghnú i gcomhar leis an múinteoir, a d'fhéadfadh comhairle a chur ar an scoláire maidir le chomh hoiriúnach is atá an duine a roghnaíodh don taighde.

Cuirfear an taighde i láthair i leagan amach taifid scríofa. Féadfaidh an scoláire a thaifead scríofa a chur i láthair i réimse leaganacha amach éagsúla. Déanfaidh an scoláire machnamh freisin ar an bpróiseas taighde agus ar an ábhar trí nóta machnaimh a scríobh.

Ní féidir an t-ábhar céanna a úsáid in *An t-am atá thart i m'áit*, má bhaineann sé le duine, agus in *Saol i dTréimhse Ama*. Sa chás go mbaineann ábhar an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 1 le háit lasmuigh d'Éirinn, ba cheart go mbeadh ceangal idir an duine a roghnaítear le haghaidh *Saol i dTréimhse Ama* agus stair na hÉireann. Ar an mbealach sin, rachaidh gach scoláire a thugann faoin dá Mheasúnú Rangbhunaithe i ngleic le stair na hÉireann agus le stair na hEorpa agus an domhain mhóir.

Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe le hobair an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 2 *Saol i dTréimhse Ama*.

Leagtar béim ar a thábhachtaí is atá sé go sealbhódh an scoláire tuiscint dhisciplíneach ar an stair a chuireann ar a chumas ciall a bhaint as na comhthéacsanna staire a fheiceann sé, agus dá bhrí sin tá tábhacht faoi leith ag baint le snáithe 1: *Nádúr na*


*Staire agus Saol i dTréimhse Ama.* Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an ábhar a roghnófar. D'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag

<b>Snáithe 1</b>	<b>Nádúr na Staire</b>
<b>Gné</b>	<b>Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt</b>
1.1	Ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair
1.2	Machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha
1.3	Suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla
1.4	Tuiscint a léiriú ar choincheapa stairiúla ar nós <i>foinse agus fianaise; fíoras agus tuairimíocht; claontacht agus oibiachtúlacht; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; am agus spás</i>
<b>Gné</b>	<b>Obair le fianaise</b>
1.5	Fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn
1.6	Tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlaigh; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil
1.7	Breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil
1.8	Iniúchadh a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó eile
<b>Gné</b>	<b>'An mórphictiúr' a fháil</b>
1.9	Tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú
1.10	Tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe.
1.11	Naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *Saol i dTréimhse Ama*

Leagtar amach i bhFíor 3 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé leis an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.

*Fíor 3: An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh*



### Ábhair a d'fhéadfaí a roghnú don taighde

Dearadh *Saol i dTréimhse Ama* chun cabhrú leis an scoláire a thuiscint ar an staid dhaonna a dhoimhniú agus ar an spreagadh a bhí le héachtaí agus baois an chine dhaonna a mhúnlaigh an domhan ina bhfuil cónaí air ann. Seo roinnt smaointe don taighde:

- an méid a chuir an t-ábhar le gné d'athrú suntasach staire
- scrúdú ar ghné de shaol nó de ghairm bheatha an ábhair (m.sh., óige an ábhair, nó céim nó imeacht faoi leith a bhaineann le saol nó gairm bheatha an ábhair)
- iniúchadh ar an méid a d'imir tionchar seans ar chreidimh/ghníomhartha an ábhair
- staidéar ar chaidreamh tábhachtach i saol nó gairm bheatha an ábhair

Spreagtar an scoláire chun réimse leathan ábhar a mheas agus ní gá duine a bhí an-fheiceálach ina staidéar sa rang a roghnú don taighde. Má phléitear gairm bheatha an duine roghnaithe áit éigin eile i gcúrsa an scoláire, d'fhéadfaí díriú anseo ar ghné shonrach níos doimhne de shaol an duine sin.


#### **Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:**

- Smaoineamh taighde a roghnú i gcomhar leis an múinteoir agus a chomhscoláirí (cé go mbeidh ábhar ar leith ag gach scoláire, is féidir le scoláirí comhoibriú agus taithí a roinnt i rith an phróisis taighde)



- Cur chuige i leith an taighde a mheas, lena n-áirítear príomhcheisteanna taighde a shainaithint, foinsí féideartha fianaise a shainaithint; agus an áit a mbeadh an fhianaise sin a shainaithint
- A thorthaí taighde a chur i láthair i bhfoirm taifead scríofa, a roghnófar ó leaganacha amach éagsúla
- Machnamh ar an bpróiseas a rinneadh agus ar a chonclúidí faoin ábhar

## Ullmhúchán *Saol i dTréimhse Ama*



### Ullmhúchán an scoláire

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir sa stair (Nádúr na Staire, Stair na hÉireann agus Stair na hEorpa agus an Domhan Mór) sula dtugann sé faoin gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe, *An t-am atá thart i m'áit*. Ba chóir go mbeadh an deis aige roimhe sin machnamh a dhéanamh ar chuid de na luachanna, dearcthaí agus meonta a chuireann bonn eolais faoi go leor de na torthaí foghlama i snáithe 1, Nádúr na Staire, a bhfuil baint faoi leith ag an Measúnú Rangbhunaithe seo leis. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama sna trí shnáithe, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna rialta ag an scoláire chun scileanna a fhorbairt agus a thaispeáint a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi *Saol i dTréimhse Ama* ag leibhéal atá oiriúnach dá aois agus céim foghlama. De bharr fhócas na hoibre sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, beidh tábhacht faoi leith le taithí ar an gcaoi ar imir daoine suntasacha san am atá thart tionchar ar athrú a fhiosrú chun tacú le taighde an scoláire don mheasúnú rangbhunaithe seo.


Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire freisin meastóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus foghlaim ó am go chéile i rith a chuid oibre, mar shampla, trí nótaí pearsanta, irisí machnaimh nó plé ranga lena chomhscoláirí nó leis an múinteoir. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

## Ullmhúchán an mhúinteora


Ba chóir don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 2, eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht Stair na Sraithe Sóisearaí
- Stair na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúinuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí.

## An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích *Saol i dTréimhse Ama*



Cuirfear *Saol i dTréimhse Ama* i gcrích thar in imeacht trí seachtaine. Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint. Leagtar amach na ceithre chéim sin i bhFíor 4 thíos:



Fíor 4: Próiseas an scoláire chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: *Saol i dTréimhse Ama*

### 1. An scóip a mheas

Ba chóir na pointí seo a leanas a mheas:

Agus aird ar an mbéim ar fhiosrú atá mar bhonn agus taca ag staidéar agus taighde staire, spreagtar an scoláire le hábhar a staidéir a bheachtú ach ceisteanna a cheapadh a thagraíonn do ghné de shaol nó de ghairm bheatha a dhuine roghnaithe. Áirítear leis na ceisteanna a d'fhéadfadh cabhrú le bonn eolais a chur faoi raon feidhme don ábhar a mheas, i measc ceisteanna eile:

- Cén fáth ar fiú taighde a dhéanamh ar an duine a roghnaigh mé? Céard atá ar eolas agam faoi cheana féin? Céard atá mé ag iarraidh a fháil amach?
- Cé na ceisteanna a dhíreodh mo thionscadal ar ghné áirithe agus a chabhródh le freagraí a aimsiú dom?
- Cén t-eolas cúlra atá agam faoi chomhthéacs níos leithne m'ábhair?
- Cén chaoi a ndéanfaidh mé fócas an staidéir níos cúinge? An bhfuil gné shonrach de shaol/thaithí/ghairm bheatha m'ábhair a fhiosróidh mé? An féidir liom mo staidéar a bheachtú le paraiméadair dhátaí? An bhféadfainn díriú ar imeacht nó ócáid faoi leith?

## 2. Taighde a dhéanamh

Is taithí luachmhar foghlama é an próiseas a bhaineann le foinsí ábhartha a aimsiú agus eolas a fháil uathu. I measc na gceisteanna a d'fhéadfadh an scoláire a iarraidh, tá:

- Cé na foinsí a úsáidfídh mé? Cén chaoi a dtiocfaidh mé ar na foinsí sin? Cuairt ar an leabharlann? Suíomhanna gréasáin? Foinsí eile?
- An bhféadfainn labhairt le duine faoi leith a mbeadh faisnéis aige ar m'ábhar?
- Cén chaoi a dtiocfaidh mé ar fhaisnéis faoi m'ábhar ó na leabhair a d'aimsigh mé? An clár ábhar? Innéacs?
- Cén chaoi a gcoinneoidh mé nótaí d'eolas nua a aimsím? An gcoinneoidh mé fillteán?

Ní gá don scoláire téacsanna móra ná imleabhair iomlána a léamh, cé nach bhfuil aon bhac air sin a dhéanamh.

## 3. Taifead scríofa a chruthú

Ba chóir don scoláire iarracht a dhéanamh a cheisteanna taighde a scríobh agus a bhreithiúnais staire a chur i láthair i bhfoirm píosa comhleanúnach scríbhneoireachta i leagan amach scríofa roghnaithe, ag úsáid fianaise óna fhoinsí chun tacú lena chonclúidí. Ba chóir na foinsí a úsáideadh a lua i leabharliosta ag deireadh an taifid. Ba chóir don scoláire dul i gcomhairle le foinsí éagsúla i rith an taighde; caithfear úsáid a bhaint as dhá fhoinse ar a laghad.


**Féadfaidh an scoláire an taifead scríofa a chur i láthair ina rogha leagain amach,** amhail alt, aiste, blag, script chraolacháin, léacht do lucht éisteachta, litir chuig iris nó nuachtán, tuairisc bháis, óráid, srl.

Nuair a fhiosróidh an scoláire na leaganacha amach difriúla de thaifid scríofa is feiliúnaí dá chur chuige féin, cabhróidh sé leis réimse éagsúil na bhfoinsí fianaise scríofa lena mbíonn staraithe ag plé a thuiscint.

#### 4. Machnamh

Mar a tharla i Measúnú Rangbhunaithe 1, ba chóir don scoláire roinnt machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas – idir an méid a foghlaimíodh faoin ábhar agus an taithí ar oibriú mar staraí. Scríobhfaidh an scoláire nóta machnaimh atá mar aguisín leis na treoirí seo. Níltear ag súil go dtaispeánfaidh an scoláire a nótaí machnaimh faoin bpróiseas agus ábhar sa taifead scríofa féin, toisc go mbeidh scríobh go stairiúil faoin duine roghnaithe mar chuspóir ag an leagan amach a roghnófar.

### An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: *Saol i dTréimhse Ama*




#### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos thíos ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair *Saol i dTréimhse Ama*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d’obair an scoláire. Dearadh na Gnéithe Cáilíochta agus tagairt iontu do na torthaí foghlama ar a bhfuil *Saol i dTréimhse Ama* agus díritear go háirithe ar shnáithe 1 Nádúr na Staire.

**Na Gnéithe Cáilíochta: Stair – Saol i dTréimhse Ama**

<p><b>Thar barr ar fad</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha, agus comhleanúnachas iontach san inneachar, cur chuige agus struchtúr</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint eisceachtúil ar ról na fianaise i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Tá naisc an-mhaith sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta.</p>
<p><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire láidir, agus comhleanúnachas inmholta san inneachar, cur chuige agus struchtúr</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint an-mhaith ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Tá naisc shoiléire sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart, ar bhealach an-spéisiúil.</p>
<p><b>Ag teacht leis na hionchais</b></p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá braistint comhfhiosacht staire éigin sa taifead scríofa, agus cuirtear an t-inneachar agus an cur chuige i láthair ar bhealach atá sách struchtúrtha</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde maith agus roinnt tuisceana ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Tá roinnt nasc sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart.</p>
<p><b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b></p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taifead scríofa, má léirítear ar chor ar bith é, agus tá easpaí suntasacha san inneachar, cur chuige agus struchtúr</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde teoranta agus is beag tuiscint a léirítear, má léirítear ar chor ar bith é, ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Is beag braistint den ‘mórphictiúr’ a thaispeántar sa taifead scríofa, má thaispeántar ar chor ar bith é, agus níl ord ná eagar ar na naisc idir é agus an t-ábhar agus/nó ní chothaítear i gceart iad.</p>

## Na chéad chéimeanna eile: *Saol i dTréimhse Ama*



### An Tasc Measúnaithe

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i Stair. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidfear chun an grád foriomlán a oibriú amach.

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Saol i dTréimhse Ama*.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar Leibhéal Comónta agus cuirfear cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a chuirfear. Tá dhá chéim sa Tasc Measúnaithe: ar an gcéad dul síos, dul i ngleic le hábhar spreagthach chun ullmhú don tasc scríofa; agus ar an dara dul síos, machnamh a dhéanamh ar a thaithí ag cur *Saol i dTréimhse Ama* i gcrích agus scríobh faoi.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe **roinnt** de na nithe seo a leanas nó **gach ceann díobh**:

- Oibriú le **spreagthach gearr** i bhformáid amhairc, scríofa, fuaimne nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa.
- **Tasc scríofa** ina dtástálfar an scoláire i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
  - a chumas chun an tuiscint atá aige ar choincheapa stairiúla trína chuid smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm ar thaighde ar dhuine a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leis in *Saol i dTréimhse Ama*
  - a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar *Saol i dTréimhse Ama*
  - a chumas machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas taighde, breithiúnais staire a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus scileanna eile a thaispeántar i rith na hoibre ar *Saol i dTréimhse Ama*
  - a mhachnamh ar an gcaoi ar imir a thaithí ar *Saol i dTréimhse Ama* tionchar ar a mheonta agus ar a luachanna.
  - a léirthuisicint ghinearálta do nádúr na staire.

Agus an taithí ar an ábhar spreagthach san áireamh, cuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích i dtréimhse ranga dhúbailte nó tréimhse dhá rang aonair (.i. 80 nóiméad ar a laghad). Ba cheart an chéad tréimhse ranga a chaitheamh ar an bplé leis an ábhar spreagthach a chuireann CNCM ar fáil, agus ar mhachnamh an scoláire ar *Saol i dTréimhse Ama* mar ullmhúchán chun an leabhrán freagraí a chomhlánú. Comhlánófar an leabhrán freagraí sa dara tréimhse. Scríobhtar freagairt an scoláire i leabhrán *pro-forma* agus cuireann an scoil leabhráin chomhlánaithe an scoláire le haghaidh an Taisc Measúnaithe, mar aon le scrípteanna an scrúdaithe deiridh, ar aghaidh de réir na socrúithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe seo i ndiaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Saol i dTréimhse Ama*, a chur i gcrích. Beidh roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse a roghnú chun é a chur i gcrích. Roghnófar seachtain amháin ina gcaithfidh an scoláire tabhairt faoin Tasc Measúnaithe.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba cheart don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh i Stair.

Beidh samplaí de Thascanna Measúnaithe, ábhair spreagthacha agus treoirlínte maidir leis an gcaoi leis an Tasc Measúnaithe a réachtáil agus a bhainistiú i rith dhá thréimhse ranga ar fáil ag <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/>.

## Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeán na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Coinneoidh gach scoil nó gach roinn aonair atá ag plé leis an ábhar sampla beag den obair a chuirtear isteach chun tacú le próiseas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar le haghaidh *Saol i dTréimhse Ama* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir staire amháin, mura bhfuil ach múinteoir staire amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socrúithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Coinneoidh an múinteoir samplaí arís den saothar le haghaidh *Saol i dTréimhse Ama* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann ag <https://ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/slar-meetings/>.

Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne sé ar obair an scoláire, bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

### **Aiseolas a úsáid**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh *Saol i dTréimhse Ama* a úsáid le tacú le foghlaim na staire. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/diriu-ar-an-bhfoghlaim/>

### **Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na tuairisceoirí a bhronntar ar *Saol i dTréimhse Ama*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.



## Aguisín A: Nóta Machnaimh an Scoláire

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE:		Teideal:
Cérbh iad na rudaí ba dhearfaí faoi mo thaithí ar oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo?		
Cérbh iad na príomhdhúshláin a bhí romham?		
Cén ghné de m'fhoghlaim faoin ábhar ba shuntasáí dar liom?		
Céard a d'fhoghlaim mé faoi ról an staraí i dtabhairt faoi thaighde agus é a chur i láthair?		
Scoláire:	Múinteoir:	Dáta:

## Aguisín B: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

### Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo, agus
- agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid gnóthachtála ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- sonrach d'ábhar amháin
- thart ar dhá uair an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile,

is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

## Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a thagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba cheart a chur i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

## Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon pointe eile a theastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d’obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

## I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (feic Aguisín 1). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba cheart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d’obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d’obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba cheart don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba cheart díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba cheart díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann ‘ar an iomlán’ don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur cheart am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba cheart don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba cheart dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas agus Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.

- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

## I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúinthe sealadacha.

I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Dírítear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taise samplaí:

- Chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua
- Chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- Chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú  
 Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora

Ábhar:	Dáta/am:
<b>Daoine i láthair</b>	
<b>Na príomhchinntí a rinneadh</b>	
<b>Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo</b>	
<b>Aon cheo eile?</b>	
<p>Éascaitheoir</p> <p>Dáta</p>	

